Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10930 – POST / BGL / BCEE / BIL / BDL / i-HUB)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 440/10)

1. An 11 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— POST Luxembourg ("POST", Lucsamburg),

— BGL BNP Paribas ("BGL", Lucsamburg), ar leis an ngrúpa BNP Paribas (an Fhrainc) é,

— Banque et Caisse d'Epargne de l'Etat, Luxembourg ("BCEE", Lucsamburg),

— Banque Internationale à Luxembourg S.A. ("BIL", Lucsamburg), ar le Legend Holdings (an tSín) é,

— Banque de Luxembourg ("BDL", Lucsamburg), ar le Crédit Industriel et Commercial (an Fhrainc) é,

— i-Hub S.A. ("i-Hub", Lucsamburg), atá á rialú i gcomhpháirt ag POST agus BGL faoi láthair.

Gheobhaidh POST, BGL, BCEE, BIL agus BDL rialú comhpháirteach ar i-Hub de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás POST: soláthraí seirbhísí poist, teileachumarsáide, TCF agus baincéireachta in Lucsamburg. Tá POST faoi úinéireacht iomlán Stát Lucsamburg;

— i gcás BGL: institiúid chreidmheasa a sholáthraíonn raon seirbhísí baincéireachta in Lucsamburg, lena n-áirítear baincéireacht mhiondíola, seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta agus baincéireacht chorparáideach agus institiúideach;

— i gcás BCEE: institiúid chreidmheasa a sholáthraíonn raon seirbhísí baincéireachta in Lucsamburg, lena n-áirítear baincéireacht mhiondíola, seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta agus baincéireacht chorparáideach agus institiúideach. Tá BCEE faoi úinéireacht iomlán Stát Lucsamburg;

— i gcás BIL: grúpa baincéireachta príobháideach a oibríonn i ngníomhaíochtaí miondíola, baincéireachta príobháidí agus corparáidí, agus árachais, agus Lucsamburg mar phríomhphointe geografach an ghrúpa;

— i gcás BDL: institiúid chreidmheasa a sholáthraíonn raon seirbhísí baincéireachta in Lucsamburg, lena n-áirítear baincéireacht mhiondíola, seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta agus baincéireacht chorparáideach agus institiúideach;

— i gcás i-Hub: soláthraí seirbhísí tacaíochta comhlíontachta, rud a bhaineann le, via a ardán stórála, cúnamh a thabhairt do ghnóthais a dhéanann seiceálacha Bíodh aithne agat ar do Chustaiméirí chun oibleagáidí an sciúradh airgid a chomhrac a chomhlíonadh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10930 – POST / BGL / BCEE / BIL / BDL / i-HUB

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË